



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2014*

Gaeilge Gnáthleibhéal

Páipéar II

200 MARC

**Dé Máirt
10 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 11.50**

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

Ceist 1: LÉAMHTHUISCINT: A (lch 4 & 5)
agus
B (lch 6 & 7)

Ceist 2: PRÓS: AINMNITHE (A) (lch 8)
nó
ROGHNACH (B) (lch 9)

Ceist 3: FILÍOCHT: AINMNITHE (A) (lch 10 & 11)
nó
ROGHNACH (B) (lch 12)

Freagair **A** agus **B** anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Sibéal Davitt – Rinceoir ar an Sean-Nós

1. Tá aithne ag Gaeilgeoirí i mBaile Átha Cliath agus ag lucht féachana TG4 ar an mbean óg Sibéal Davitt. Is rinceoir ar an sean-nós í. Ritheann sí ceardlanna i mBaile Átha Cliath chun eolas faoin rince ar an sean-nós a scaipeadh i measc phobal na cathrach. Bhuaigh sí an comórtas tallainne *Glas Vegas* ar TG4 in 2009, bua a thug seans di dul go Las Vegas chun an rince ar an sean-nós a thaispeáint don domhan mór. Is moltóir í sa tsraith is déanaí de *Glas Vegas* agus is láithreoir í freisin ar an gclár *Imeall* ar TG4.
2. Rugadh agus tógadh Sibéal i Ragnallach i mBaile Átha Cliath. Tá deartháir amháin agus deirfiúr amháin aici. Gaeilge a labhair a muintir sa bhaile agus í ag fás aníos. Chuaigh sí ar an mbunscoil i Scoil Bhríde, Ragnallach agus ar an meánscoil i gColáiste Íosagáin ina dhiaidh sin. Thaitin timpeallacht Ghaelach na scoileanna sin léi. Bhláthaigh a tallanna éagsúla agus í ar scoil. Chuir sí spéis ar leith sa cheol. D'fhoghlaim sí conas an fhliúit agus an fheadóg a sheimn agus ghlac sí páirt i gcomórtais éagsúla.
3. Chuaigh Sibéal ar an ollscoil i gColáiste na Tríonóide. Rinne sí staidéar ar an nGaeilge agus ar an scannánaíocht ansin. Bhain sí céim amach sa bhliain 2011. D'fhás a spéis sna healaíona éagsúla agus í ar an ollscoil. Rinne sí iarracht an ceol, an rince agus an scannánaíocht a cheangal le chéile. Bhí sí ar an ollscoil fós nuair a rinne sí a céad scannán a stiúradh. Gearrscannán a bhí ann. *Potaisiam* an t-ainm a bhí air. A deirfiúr Anna a bhí sa phríomhpháirt. Bhuaigh an scannán seo duais €3,500 ag Oireachtas na Gaeilge in 2010.
4. D'fhoghlaim Sibéal an rince Gaelach ina hóige. Le tamall anuas, áfach, is mó an spéis atá aici sa rince ar an sean-nós. Is i nGaeltacht Chonamara is mó a bhíonn an rince ar an sean-

nós ar siúl. Na fir ba mhó a bhíodh ag déanamh an rince ar an sean-nós sna seanlaethanta. Tá stíl dhifriúil ag an dá shaghas rince seo. Sa rince Gaelach, bíonn an corp díreach agus bíonn na rinceoirí ag gluaiseacht ar fud an urláir. Ach sa rince ar an sean-nós bíonn an corp níos scaoilte; bíonn na cosa ag bualadh ach fanann na rinceoirí mórán san áit chéanna. Is minic a dhéanann daoine an rince ar an sean-nós ina n-aonar ach, sa rince Gaelach, is minic a bhíonn grúpaí ag rince le chéile.

5. Tá sí ag Sibéal leanúint uirthi ag obair leis an rince agus leis an scannánaíocht. Feiceann sí cosúlacht mhór idir an dá ealaín. Is féidir scéal a insint sa dá cheann acu gan teanga ar bith a úsáid, dar le Sibéal. Is fearr léi scannáin nuaimseartha ach is breá léi gach saghas rince. Tá cúrsa sa rince comhaimseartha á dhéanamh ag Sibéal in Ollscoil Luimnigh faoi láthair. Leanfaidh sí leis na ceardlanna rince ar an sean-nós i mBaile Átha Cliath freisin mar ba mhaith léi go mbeadh tuiscint ag muintir na cathrach ar an saghas seo rince.

Bunaithe ar fhoinsí éagsúla



1. (a) Cén fáth a ritheann Sibéal ceardlanna rince ar an sean-nós i mBaile Átha Cliath? (Alt 1)
(b) Cén post atá ag Sibéal ar an gclár *Imeall*? (Alt 1) (10 marc)
2. (a) Cár rugadh Sibéal? (Alt 2)
(b) Ainmnigh an **dá** scoil ar fhreastail Sibéal orthu. (Alt 2) (10 marc)
3. (a) Céard iad na hábhair a ndearna Sibéal staidéar orthu i gColáiste na Tríonóide? (Alt 3)
(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoina céad scannán. (Alt 3) (10 marc)
4. (a) Cá háit is mó a mbíonn an rince ar an sean-nós ar siúl? (Alt 4)
(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin rince Gaelach. (Alt 4) (10 marc)
5. (a) Cén chosúlacht mhór a fheiceann Sibéal idir an rince agus an scannánaíocht? (Alt 5)
(b) Cén cúrsa atá á dhéanamh ag Sibéal faoi láthair? (Alt 5) (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

Brian Ó Drisceoil - Laoch Mór Rugbaí

1. Tá Brian Ó Drisceoil ar dhuine de na laochra spóirt is cáiliúla in Éirinn. I gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath a rugadh é ar an gcéad lá is fiche d'Eanáir 1979. Thaitin an spórt go mór leis nuair a bhí sé óg. D'imir sé peil Ghaelach, sacar, leadóg agus galf. Lean sé an fhoireann sacair, Manchester United. Fad a bhí sé ar an meánscoil i gColáiste na Carraige Duibhe, thosaigh sé ag imirt rugbaí don scoil. Sa bhliain 1996, d'imir sé ar fhoireann scoileanna na hÉireann. Bhí sé ar fhoireann na hÉireann nuair a bhuaigh siad Corn Rugbaí an Domhain faoi naoi mbliana déag sa bhliain 1998.
2. Bliain thábhachtach ba ea 1999 do Bhrian. D'imir sé ar fhoireann idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann ar leibhéal na sinsear den chéad uair i gcluiche i gcoinne na hAstráile. Bhí sé fiche bliain d'aois. D'imir sé don fhoireann idirnáisiúnta níos mó ná céad tríocha uair ó shin. Bhí sé mar chaptaen ar an bhfoireann ó 2003 go dtí 2012. In 2009, nuair a bhí sé ina chaptaen, bhuaigh Éire an 'Grand Slam' den chéad uair ón mbliain 1948. Tá a lán comórtas eile rugbaí buaite aige freisin – bhuaigh sé an Choróin Thriarach ceithre huair le foireann na hÉireann agus Corn Heineken le Cúige Laighean.
3. Chuaigh Brian ceithre huair ar thuras thar lear le Leoin na Breataine agus na hÉireann. Thug na Leoin cuairt ar an Astráil in 2001. Bhí sé ina chaptaen ar na Leoin sa Nua-Shéalainn in 2005 ach gortaíodh go dona é sa chéad chluiche i gcoinne na All Blacks. Rinneadh drochionsaí air, cuireadh a ghualainn as alt agus b'éigean é a iompar den pháirc ar shínteán. D'imir sé ar son na Leon arís san Afraic Theas in 2009 agus ainmníodh ar phainéal na Leon den cheathrú huair é nuair a thug siad cuairt arís ar an Astráil anuraidh. D'imir sé sa chéad dá mhórchluiche ansin ach bhí fearg ar a lán de lucht leanúna an rugbaí nuair nár roghnaíodh Brian don mhórchluiche deireanach. Bhuaigh na Leoin an cluiche sin. Cé go raibh díomá mhór ar Bhrian nach raibh seans aige imirt ar an lá stairiúil sin, bhí sé an-sásta gur bhuaigh na Leoin an tsraith.
4. Sárímreoir rugbaí is ea Brian Ó Drisceoil. Taispeánann sé scileanna breátha ar pháirc na himeartha. Tá sé láidir agus cróga, agus is lúthchleasaí iontach é. Captaen den scoth ba ea é. Bhí tionchar láidir aige ar na himreoirí eile agus spreag sé iad sa seomra gléasta agus ar pháirc na himeartha. Thuig sé gur ghá do na himreoirí a n-aighe a choimeád ar an imirt i gcónaí chun an cluiche a bhuachan. Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aitheantas dó as a ról inspioráideach mar imreoir rugbaí nuair a bhronn siad Saoirse na Cathrach air le déanaí.
5. Ar an gcéad lá de Shamhain 2013, tugadh onóir speisialta do Bhrian sa Convention Centre i mBaile Átha Cliath. Bhí níos mó ná míle duine i láthair ar an ócáid. Taispeánadh cuid de ghaiseí rugbaí Bhriain ar scáileán mór. Bhí a lán daoine ag caint agus ag moladh a chuid tallann iontach rugbaí. Beidh Brian ag éirí as an rugbaí go luath anois agus tá a lán pleananna aige. Rachaidh sé ag taisteal lena bhean chéile, Amy, má fhaigheann sise obair mar aisteoir i Meiriceá nó i Sasana. Ba mhaith leis obair charthanach a dhéanamh le cumainn a chabhraíonn le páistí. Mairfidh cáil Bhriain mar laoch rugbaí go deo.

Bunaithe ar fhoinsí éagsúla



1. (a) Cár rugadh Brian Ó Drisceoil? (Alt 1)
(b) Cén comórtas a bhuaigh foireann Bhriain sa bhliain 1998? (Alt 1) (10 marc)
2. (a) Cén fáth ar bhliain thábhachtach í 1999 do Bhrian Ó Drisceoil? (Alt 2)
(b) Cad a bhuaigh Éire in 2009 nuair a bhí Brian Ó Drisceoil ina chaptaen? (Alt 2) (10 marc)
3. (a) Cad a tharla do Bhrian sa chéad chluiche i gcoinne na All Blacks in 2005? (Alt 3)
(b) Cén fáth a raibh fearg ar a lán de lucht leanúna an rugbaí anuraidh? (Alt 3) (10 marc)
4. (a) Luaigh **dhá** scil atá ag Brian mar imreoir. (Alt 4)
(b) Cén fáth ar bhronn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Saoirse na Cathrach air? (Alt 4) (10 marc)
5. (a) Scríobh síos rud **amháin** a tharla ar an ócáid speisialta do Bhrian ar an gcéad lá de Shamhain 2013. (Alt 5)
(b) Luaigh plean **amháin** atá ag Brian nuair a éireoidh sé as an rugbaí. (Alt 5) (10 marc)

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) **Hurlamaboc**

Tabhair achoimre ar na heachtraí is mó sa ghiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.
Luaigh na pointí seo:

- (i) Cén fáth a mbeidh cóisir mhór i dteach Albright?
- (ii) Déan cur síos ar Phól, fear céile Lisín.
- (iii) Conas a réitíonn Ruán, an mac is sine, lena mháthair, Lisín?
- (iv) Cad iad na hullmhúcháin a dhéanann Lisín don chóisir?
- (v) Conas a chaitheann Lisín a cuid ama de ghnáth?

(25 marc)

(b) **Oisín i dTír na nÓg**

“Ansin shuigh Oisín i bhfianaise Phádraig agus na cléire gur inis sé a scéal ar Thír na nÓg agus ar Niamh Chinn Óir a mheall ón Fhiann é.” *Oisín i dTír na nÓg*

Déan cur síos ar na scéalta a d’inis Oisín don slua faoi Thír na nÓg agus faoi Niamh Chinn Óir.

(25 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **giota as úrscéal rognach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) ann. Tabhair **cuntas** ar na himeachtaí (rudai) a tharlaíonn don phríomhcharachtar (don phríomhphearsa) sa ghiota sin.

(23 marc)

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

- (b) Maidir le **scéal béaloidis rognach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudai) a tharlaíonn sa scéal sin.

(23 marc)

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) **Géibheann**

- (i) (a) Cad as don ainmhí seo?
(b) Cad a fheiceann an t-ainmhí trí leathshúil?
(c) Cé a thagann ag féachaint ar an ainmhí anois?
(d) Luaigh an rud is mó a theastaíonn ón ainmhí anois. (8 marc)
- (ii) Inis i **d'fhocail féin**, cén saghas ainmhí é an t-ainmhí seo. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)
- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán. (9 marc)

Géibheann

Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
a bhfuil clú agus cáil
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

(b) Colscaradh

- (i) Cad is téama don dán *Colscaradh* (thíos), dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais faoin téama sin sa dán. (8 marc)
- (ii) Inis i **d'fhocail féin**, cén saghas duine í an bhean sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

Colscaradh

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chiste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a scríobh **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad iad príomhsmaointe an dáin. (7 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** íomhá (**dhá** phictiúr) atá sa dán. Déan cur síos **i d'fhocail féin** ar an **dá** íomhá (ar an **dá** phictiúr) sin sa dán. (7 marc)
- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán. (9 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn. (2 mharc)*

- (b) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a scríobh **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais faoin téama sin sa dán. (7 marc)
- (ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán. (7 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn. (2 mharc)*